Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/3381

31.5.2024

**Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin, lena leagtar síos rialacha lena áirithiú go bhfuil na sonraí atá ann inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte agus lena mbunaítear creat faireacháin agus ionchais do cheimiceáin**

*(COM(2023)779 final - 2023/0453 (COD))*

**agus**

**Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú**

*(COM(2023)783 final - 2023/0455 (COD))*

**agus**

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2011/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán**

*(COM(2023)781 final - 2023/0454 (COD))*

(C/2024/3381)

Rapóirtéir: **John COMER**

| | |
|---|---|
| Comhairliúcháin | Parlaimint na hEorpa, 29.2.2024<br>An Chomhairle, 16.2.2024 |
| Bunús dlí | Airteagail 43, 114, 168(4c), 192(1) agus 304 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
| An rannóg atá freagrach | An Rannóg um Thalmhaíocht, Forbairt Tuaithe agus an Comhshaol |
| Dáta a glactha sa rannóg | 26.2.2024 |
| Dáta a glactha sa seisiún iomlánach | 20.3.2024 |
| Seisiún iomlánach Uimh. | 586 |
| Toradh na vótála<br>(ar son/in aghaidh/staonadh) | 214/0/2 |

## 1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Tá Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) i bhfách leis an gcur chuige ‘substaint amháin, measúnú amháin’, agus é d’aidhm ag an gcur chuige sin ‘soláthar measúnuithe comhleanúnacha guaise agus riosca ar cheimiceáin a áirithiú, i gcás ina gceanglaítear na measúnuithe sin le gníomhartha dlí de chuid an Aontais, chun leibhéal ard cosanta do shláinte an duine agus don chomhshaol a bhaint amach, chun forbairt agus úsáid ceimiceán inbhuanaithe a chumasú, chun feidhmiú cuí an mhargaidh aonair le haghaidh ceimiceán a áirithiú, agus chun feabhas a chur ar mhuinín shaoránaigh an Aontais sa bhonn eolaíoch le haghaidh cinntí a dhéantar faoi g[h]níomhartha dlí de chuid an Aontais maidir le ceimiceáin’ ([1]).

([1]) COM(2023)779 final, Airteagal 1(1).

1.2. Is díol sásaimh do CESE an t-ardán ilfhreastail ina dtugtar le chéile sonraí maidir le ceimiceáin a fhaightear ó fhoinsí éagsúla, agus a chuirfear faoi rialú na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (ECHA).

1.3. Tá ECHA le cúraimí a ghlacadh ar láimh a bhí ag an gCoimisiún go dtí seo, le tacaíocht ó choistí *ad hoc* agus comhairleoirí seachtracha. Toisc nár foilsíodh an rialachán nua maidir le hatheagrú ECHA, fágann sin nach féidir measúnú iomlán a dhéanamh ar ról ECHA sa chur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin'. Tá ríthábhacht leis an ról úd chun go bhfeidhmeoidh an cur chuige sin mar is ceart.

1.4. Féadfaidh ECHA staidéir eolaíocha a choimisiúnú, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Choimisiún, i gcás nach féidir torthaí a fháil leis na forálacha nó na próisis dhlíthiúla atá ann cheana faoi reachtaíocht an Aontais. Ní léir an gcuirfear iallach ar oibreoirí gnó comhoibriú leis na staidéir eolaíocha sin a dhéanamh nó an mbeidh siad in ann achomharc a dhéanamh i gcoinne iarraidh ó ECHA.

1.5. Ní foláir forálacha rúnda an ardáin sonraí chomhchoitinn a shainiú go soiléir ionas go mbeidh lánmhuinín ag oibreoirí tionscail as an gcóras. I ndáil leis sin, is maith an rud ar fad é gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar an rochtain ar fhaisnéis rúnda. Ina theannta sin, nuair a fhoilseoidh an Coimisiún an scéim rialachais le haghaidh an ardáin sonraí chomhchoitinn, ní foláir tuilleadh deimhneachta a thabhairt maidir le sonraí ceimiceán a chomhroinnt agus a athúsáid.

1.6. I gcás staidéir choimisiúnaithe, tá easpa soiléireachta ann maidir leis an gcaoi a réiteofar easaontais.

1.7. Cuirfear leis an ualach riaracháin ar ghnólachtaí mar beidh orthu fógra a thabhairt faoi staidéir. Caithfear faireachán cúramach a dhéanamh ar an bpróiseas sin, ag brath ar na rialacha rialachais a bhfuil ECHA faoina réir.

1.8. Is tograí casta na tograí ón gCoimisiún agus beidh tionchar uileghabhálach acu ar an gcreat rialála le haghaidh ceimiceán san Aontas. Níor baineadh aon chúraimí eolaíocha de na gníomhaireachtaí atá ann cheana, agus is rud é sin a d'fhéadfadh amhras a chaitheamh ar chumas ECHA an córas a bhainistiú ar bhealach a d'fhágfadh go mbainfí na sineirgí agus an comhar ba mhó ab fhéidir amach.

1.9. Leis na tograí nua, ní foláir an rochtain is leithne is féidir a áirithiú i gcás doiciméid ina bhfuil sonraí faoi cheimiceáin agus is den ríthábhacht rialacha dochta a chur i bhfeidhm ina leith sin.

1.10. Tugann CESE dá aire nach leor an pacáiste reatha lena áirithiú gur féidir iontaoibh a thabhairt leis na sonraí ná lena áirithiú go mbeidh lánearraíocht á baint as na léargais luachmhara ó thaighde neamhspleách, mar shampla staidéir acadúla phiarmheasúnaithe, rud is ábhartha chun críoch rialála.

1.11. Is gá sásra a bhunú a chuirfidh chun cinn glacadh sonraí acadúla neamhspleácha sa chóras luathrabhaidh agus gníomhaíochta, sin agus i gcomhthéacs ginearálta na measúnuithe comhshaoil agus sláinte.

1.12. I gcás nach féidir na tuairimí eolaíocha éagsúla a thabhairt chun réitigh, ba ríthábhachtach go mbeadh feidhm ag prionsabal an réamhchúraim chun an tsláinte phoiblí agus an comhshaol a chosaint.

2. **Cúlra**

2.1. Bheartaigh an Coimisiún trí thogra reachtacha a ghlacadh d'fhonn féachaint le measúnuithe ar cheimiceáin a chuíchóiriú ar fud reachtaíocht an Aontais, leis an mbonn eolais maidir le ceimiceáin a neartú agus leis na rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn a bhrath go luath ionas go bhféadfaí dul i ngleic leo.

2.2. Tá dhá rialachán agus treoir amháin á moladh ag an gCoimisiún:

— rialachán lena mbunaítear ardán sonraí comhchoiteann maidir le ceimiceáin (COM(2023)779 final) ([2]);

— rialachán maidir le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú (COM(2023) 783 final ([3]). Rialachán 'omnibus' atá sa togra sin lena leasaítear ceithre rialachán;

— treoir lena leasaítear an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha a mhéid a bhaineann le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla chuig an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA) (COM(2023)781 final) ([4]).

2.3. Rinneadh seiceáil oiriúnachta ar an reachtaíocht is ábhartha maidir le ceimiceáin (REACH as an áireamh) inar áiríodh breis agus daichead píosa reachtaíochta agus thángthas ar an gconclúid go raibh an reachtaíocht oiriúnach dá feidhm. Tugadh faoi deara, áfach, go bhfuil laigí suntasacha ann a fhágann nach féidir acmhainneacht iomlán an chreata rialála le haghaidh ceimiceán a bhaint amach ([5]). Mura rachfaí i mbun athchóiriú, d'fhéadfadh sé sin srian a chur ar an gcumas atá ann dul i ngleic go héifeachtach leis na rioscaí a bhaineann leis na ceimiceáin atá ann cheana agus leis na ceimiceáin nua.

2.4. Ag brath ar an reachtaíocht atá i gceist, tosaíonn comhlachtaí éagsúla an obair ar cheimiceáin ag amanna difriúla, le sonraí difriúla, agus is gníomhaireachtaí éagsúla AE, cuir i gcás, nó coistí eolaíocha, grúpaí saineolaithe agus rannóga agus conraitheoirí éagsúla de chuid an Choimisiúin a thugann faoin obair sin. In amanna, mar sin, d'fhéadfadh sé tarlú go bhfaighfí torthaí neamhréireacha ar mheasúnaithe a rinneadh ar na ceimiceáin chéanna ó théacs reachtach go chéile.

2.5. Ionas gur féidir a mheas cad í an díobháil a bhaineann le ceimiceáin dhíobhálacha, nó le haon rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn nó iarmhairtí gan choinne, teastaíonn faisnéis faoi chomharthaí luathrabhaidh.

2.6. Is den riachtanas é measúnú a dhéanamh ar an tionchar ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte atá ag ceimiceáin ó thús deireadh a saolré d'fhonn acmhainní nádúrtha, éiceachórais agus daoine a chosaint, chomh maith le meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar ar an athrú aeráide. Ceimiceáin atá sábháilte agus inbhuanaithe a tháirgeadh, sin an cuspóir nach mór a bheith ann.

2.7. Anuas ar thorthaí na seiceála oiriúnachta, gheall an Coimisiún sa Chomhaontú Glas don Eoraip go gcuirfeadh sé straitéis ceimiceán um an inbhuanaitheacht i láthair ([6]). Mar chuid de sin, gheall sé go dtosódh sé ag úsáid an chur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' féachaint le feabhas a chur ar na measúnaithe ar cheimiceáin i reachtaíocht an Aontais ó thaobh éifeachtúlachta de. Leis an gcur chuige sin, ba cheart go neartófaí an bonn eolais maidir le ceimiceáin agus go ndéanfaí gach beart ab fhéidir chun a chinntiú go mbraithfí rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn agus go rachfaí i ngleic leo go pras.

2.8. Ní mór díriú ar na príomhréimsí seo a leanas mar chuid den chur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin':

— a mhéid is féidir, tionscnamh measúnuithe a shioncronú agus a chomhordú agus measúnú a dhéanamh ar ghrúpaí substaintí in ionad measúnú a dhéanamh ar shubstaintí ar leithligh;

— freagrachtaí a leithdháileadh go soiléir ar chomhlachtaí a dhéanann measúnuithe, úsáid mhaith a bhaint as an saineolas agus na hacmhainní atá ar fáil, agus dea-chomhar idir na páirtithe lena mbaineann a áirithiú;

— rochtain a áirithiú do na measúnóirí ar na sonraí uile atá ar fáil gan ualach teicniúil nó riaracháin. Ní foláir an fhaisnéis faoi cheimiceáin a bheith inaimsithe, idir-inoibritheach, slán, iontaofa agus d'ardcháilíocht;

([2]) COM(2023) 779 final.
([3]) COM(2023) 783 final.
([4]) COM(2023) 781 final.
([5]) Seiceáil oiriúnachta, an Coimisiún Eorpach.
([6]) COM(2020) 667 final.

— modhanna comhleanúnacha agus comhchuibhithe a áirithiú le haghaidh na measúnuithe, a mhéid is indéanta; agus

— leibhéal ard trédhearcachta a áirithiú i ndáil le measúnuithe a dhéanamh, chomh maith leis na sonraí eolaíocha foluiteacha agus faisnéis faoi cheimiceáin.

2.9. Fógraíodh sa straitéis ceimiceán go bhforbródh an Coimisiún critéir le haghaidh ceimiceáin atá sábháilte agus inbhuanaithe 'de réir dearadh', rud a dteastódh measúnú cuimsitheach ar shábháilteacht agus inbhuanaitheacht i rith shaolré na gceimiceán ina chomhair.

2.10. Rud eile a chuirfí ar bun leis na tograí sin ba ea bailiú córasach sonraí bithmhonatóireachta daonna a ghintear san Aontas, d'fhonn a chur in iúl don lucht ceaptha beartas leibhéal na gceimiceán éagsúil i ndaonra na hEorpa (e.g. san fhuil nó i mbainne cíche).

2.11. Tá creat faireacháin agus ionchais le bunú freisin chun gur féidir rioscaí ceimiceacha a bhrath go luath chun truailliú ceimiceach forleathan a chosc agus freagairt thapa rialála a thabhairt.

2.12. Chuir plean gníomhaíochta an Aontais dar teideal Plean Gníomhaíochta um Uisce, Aer agus Ithir Saor ó Thruailliú ([7]) le cuspóirí na straitéise ceimiceán trí ghealltanas a thabhairt go bhforbrófaí creat faireacháin agus ionchais truaillithe nialasaigh.

2.13. Féachtar leis an togra le haghaidh Rialacháin (COM(2023)779 final) le faisnéis ábhartha faoi shábháilteacht agus inbhuanaitheacht ceimiceán agus faoi chomharthaí luathrabhaidh a chomhthiomsú le haghaidh rioscaí ceimiceacha mar bhealach chun tús a chur le húsáid an chur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin', d'fhonn:

— ardán sonraí comhchoiteann a fhorbairt ina gcomhthiomsaítear sonraí ceimiceán ó fhoinsí iomadúla, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le hinbhuanaitheacht comhshaoil;

— a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis sin slán, iontaofa, d'ardcháilíocht, inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach agus in-athúsáidte;

— a áirithiú gur féidir tástálacha agus faireachán ar shubstaintí a choimisiúnú mar chuid den chreat rialála nuair a mheastar tuilleadh faisnéise a bheith riachtanach;

— taifid a choimeád ar staidéir arna gcoimisiúnú nó arna ndéanamh ag gnólachtaí i gcomhthéacs rialála ceimiceán agus córas luathrabhaidh a bhunú do rioscaí ceimiceacha atá ag teacht chun cinn; agus

— creat faireacháin agus ionchais a bhunú le haghaidh ceimiceán.

2.14. Leis an ardán sonraí comhchoiteann, lárófar agus comhdhlúthófar sonraí maidir le ceimiceáin ar leibhéal an Aontais i mbonneagar teicneolaíochta faisnéise amháin ar féidir rochtain a fháil air go lárnach.

2.15. Leis an ardán sonraí comhchoiteann, déanfar na hardáin atá ann cheana a chomhchuimsiú, cuirfear nach mór gach píosa reachtaíochta Eorpaí i réimse na gceimiceán faoi chuimsiú raon feidhme na n-ardán sin agus comhlánófar iad le huirlisí agus bunachair sonraí nua. Beidh rochtain ag údaráis inniúla na mBallstát, ag gníomhaireachtaí AE agus ag an gCoimisiún Eorpach ar na sonraí uile atá ar an ardán sonraí comhchoiteann. Sonraí ba cheart a bheith ar fáil don phobal, cuirfear ar fáil don phobal iad.

2.16. Rialachán 'omnibus' is ea Rialachán COM(2023)783 final a mhéid agus a leasaítear leis roinnt gníomhartha, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 a bhaineann le dlí ginearálta an bhia, Rialachán (AE) 2019/1021 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha, Rialachán (AE) 2017/745 maidir le Feistí Leighis agus Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 maidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil.

2.17. Tá dhá phríomhghníomhaíocht i Rialachán COM(2023)783 final atá beartaithe, mar atá:

— cúraimí atá ann cheana a athshannadh agus cúraimí nua a shannadh do ghníomhaireachtaí an Aontais trí leasuithe spriocdhírithe a dhéanamh ar phíosaí reachtaíochta atá ann cheana maidir le ceimiceáin, cé is moite de na píosaí reachtaíochta sin a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh orthu faoi láthair;

— leithdháileadh soiléir freagrachtaí agus dea-chomhar idir na gníomhaireachtaí Eorpacha lena mbaineann a áirithiú.

([7]) COM(2021) 400 final.

2.18. Is iad seo a leanas príomhchuspóirí an togra:

— a áirithiú gur soiléir an leithdháileadh freagrachtaí chun na measúnuithe agus an bhunobair theicniúil agus eolaíoch ar cheimiceáin a dhéanamh, go mbaintear leas as sineirgí agus go ndéantar iad a uasmhéadú, agus go mbaintear an úsáid is fearr agus is féidir as an saineolas agus na hacmhainní atá le fáil i ngníomhaireachtaí an Aontais;

— a áirithiú go bhfuil na torthaí ar cháilíocht eolaíochta ard agus iontaofa, agus go bhfuil na nósanna imeachta trédhearcach agus cuimsitheach; agus

— a áirithiú gur ann do chomhar agus do chomhordú maith idir na gníomhaithe maidir le gach gné ar a mbunaítear an measúnú ar cheimiceáin, lena n-áirítear forbairt modheolaíochta agus malartú sonraí.

2.19. Tá baint ag an togra le togra eile ón gCoimisiún maidir le ECHA ina mbreithneofar athstruchtúrú a dhéanamh ar choistí eolaíocha ECHA chun bainistíocht níos fearr a dhéanamh ar an ualach oibre breise a eascraíonn as na cúraimí a athshanntar tríd an togra seo.

2.20. Dhíreofaí i dTreoir COM(2023)781 final ar leasú a dhéanamh ar an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha ([8]), a bhaineann le srianta ar shubstaintí guaiseacha áirithe a úsáid i dtrealamh leictreach agus leictreonach. Leanann an togra sin an cur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' agus is é is aidhm dó leasú teoranta a dhéanamh ar an Treoir maidir le Srian ar Shubstaintí Guaiseacha chun na cúraimí eolaíocha agus teicniúla atá ann cheana a leithdháileadh ar ECHA. Nascadh an togra agus an Rialachán 'omnibus' ar mhaithe le comhsheasmhacht a áirithiú.

## 3. **Tuairimí ginearálta**

3.1. Is díol sásaimh do CESE cuspóir an Choimisiúin an cur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' a bhaint amach.

3.2. Chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an chuspóra sin, teastóidh gníomhaíocht ar leibhéal go leor, lena n-áirítear dlúthchomhordú idir na hArd-Stiúrthóireachtaí difriúla agus comhordú níos fearr ar thionscnaimh rialála na mBallstát.

3.3. Má chuirtear an cur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' chun feidhme i gceart, is dócha go rachaidh sé chun tairbhe do shaoránaigh an Aontais, don tionscal agus do na húdaráis rialála. Ar an gcaoi sin, d'fhéadfaí an tsláinte phoiblí agus an comhshaol a chosaint ar bhealach ní b'fhearr chomh maith leis an iomaíocht agus an nuálaíocht a chur chun cinn i dtionscal an Aontais.

3.4. Táthar ag súil leis go dtiocfaidh méadú suntasach ar tháirgeadh ceimiceán ar fud an domhain sna deich mbliana amach romhainn. Ós mar sin don scéal, ba ríthábhachtach go ndéanfaí gach ar féidir chun an cur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' a thabhairt isteach d'fhonn éifeachtúlacht agus éifeachtacht an chórais rialála ceimiceán a fheabhsú. Má theipeann orainn sa mhéid sin, teipfidh ar an Aontas déanamh de réir na huaillmhéine atá aige maidir le truailliú nialasach agus comhshaol atá saor ó thocsainí a chinntiú.

3.5. Is díol sásaimh do CESE go bhfuil sé i gceist an t-ardán sonraí comhchoiteann a dhearadh ar bhealach a d'fhágfadh go bhféadfaí iniúchadh a dhéanamh ar an rochtain ar fhaisnéis rúnda.

3.6. Ceanglaítear leis an togra ar oibreoirí gnó agus ar shaotharlanna/saoráidí tástála fógra ar leithligh a thabhairt do ECHA maidir le haon staidéar atá beartaithe acu agus a choimisiúnaíonn siad le tacú le hiarratas, fógra nó sainchomhad rialála a fógraíodh nó a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin, faoi bhráid ghníomhaireachtaí de chuid an Aontais nó faoi bhráid údaráis inniúla an Bhallstáit lena mbaineann. Is ceanglas riaracháin nua é sin d'oibreoirí gnó.

3.7. Tugann CESE dá aire nach leor an pacáiste lena áirithiú gur féidir iontaoibh a thabhairt leis na sonraí ná lena áirithiú go mbeidh lánearraíocht á baint as na léargais luachmhara ó thaighde neamhspleách (mar shampla staidéir acadúla phiarmheasúnaithe), rud is ábhartha chun críoch rialála.

3.8. Ba cheart go bhféadfaí tuilleadh muiníne a chothú i measc an phobail maidir leis an bpróiseas rialála chun ceimiceáin a mheasúnú ach tuilleadh trédhearcachta a áirithiú agus tuilleadh rochtana ar shonraí a thabhairt don phobal.

([8]) Directive 2011/65/EU.

3.9. Is tograí casta na tograí ón gCoimisiún agus beidh tionchar uileghabhálach acu ar an gcreat rialála le haghaidh ceimiceán san Aontas.

4. **Barúlacha sonracha**

4.1. Tá an chuma air go dtugtar tús áite sna tograí maidir leis an gcur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' do na measúnuithe guaise agus riosca ar cheimiceáin faoi threoir fhoriomlán ECHA. Is é a chiallaíonn sé sin go ndéanfaidh ECHA cúraimí a ghlacadh ar láimh a bhí ag an gCoimisiún go dtí seo, le tacaíocht ó choistí *ad hoc* agus comhairleoirí seachtracha. Toisc nár foilsíodh an rialachán nua maidir le hatheagrú ECHA, fágann sin nach féidir measúnú iomlán a dhéanamh ar ról ECHA sa chur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin'. Tá ríthábhacht leis an ról sin a mhéid a bhaineann le feidhmiú an chur chuige sin.

4.2. Féadfaidh ECHA staidéir eolaíocha a choimisiúnú, ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin don Choimisiún, i gcás nach féidir torthaí a fháil leis na forálacha nó na próisis dhlíthiúla atá ann cheana faoi dhlí an Aontais maidir le ceimiceáin. Tá sainordú den saghas céanna cheana féin ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA) chun staidéir eolaíocha a choimisiúnú faoi dhlí bia an Aontais, ach sa chás seo is féidir an sásra nua a úsáid chun sonraí a ghiniúint maidir le ceimiceáin i gcoitinne a bhfuil grinnscrúdú breise ag teastáil ina leith. Ní léir an gcuirfear iallach ar oibreoirí gnó comhoibriú leis na staidéir sin a dhéanamh nó an mbeidh siad in ann achomharc a dhéanamh i gcoinne iarraidh ó ECHA.

4.3. Is éard is cuspóir don chur chuige 'substaint amháin, measúnú amháin' staidéir a chuíchóiriú agus easaontais a sheachaint. Mar sin féin, is cinnte go mbeidh easaontais ann maidir le staidéir choimisiúnaithe, agus tá easpa soiléireachta ann maidir leis an gcaoi a réiteofar na heasaontais sin.

4.4. Ar bhonn na dtograí, cuirtear treise leis an oibleagáid tuairimí eolaíocha a bhfuil éagsúlachtaí eatarthu a réiteach. I gcás nach féidir réiteach a fháil, cuirfear an cás faoi bhráid an Choimisiúin. Má bhíonn éagsúlachtaí ann a mhéid a bhaineann le guais a shainaithint, caithfear iad sin a réiteach trí bhíthin aicmiú comhchuibhithe a fhorbróidh ECHA.

4.5. Is den ríthábhacht é forálacha rúnda an ardáin sonraí chomhchoitinn a shainiú go soiléir ionas go mbeidh lánmhuinín ag oibreoirí tionscail as an gcóras. Thar aon ní eile, is den ríthábhacht an rochtain is leithne is féidir a áirithiú i gcás doiciméid ina bhfuil sonraí faoi cheimiceáin. Rud eile, ba ghá rialacha dochta a chur i bhfeidhm lena áirithiú nach gcoinneodh cuideachtaí siar aon fhaisnéis mhórthábhachtach faoi cheimiceáin atá acu.

4.6. Nuair a fhoilseoidh an Coimisiún an scéim rialachais le haghaidh an ardáin sonraí chomhchoitinn, ba cheart tuilleadh deimhneachta a thabhairt maidir leis na húdaráis a mbíonn sonraí ceimiceán á gcomhroinnt agus á n-athúsáid acu.

4.7. Is cosúil nach mbainfear aon chúraimí eolaíocha de na gníomhaireachtaí atá ann cheana, rud a fhágann nach léir fós an mbeidh sé ar chumas ECHA an córas a bhainistiú ar bhealach a d'fhágfadh go mbainfí na sineirgí agus an comhar ba mhó ab fhéidir amach. In éagmais rialachán nua lena ndéanfar athchóiriú ar ECHA, is deacair a mheas an mbeidh an ghníomhaireacht sin inchurtha leis na cúraimí nua go léir a chuirfear uirthi.

4.8. Tá sásra de dhíth ar an gcóras luathrabhaidh agus gníomhaíochta lena áirithiú go dtabharfar faoin rialáil is gá a luaithe a shainaithneofar rioscaí a bheith ag teacht chun cinn.

4.9. Is gá sásra a bhunú a chuirfidh chun cinn glacadh sonraí acadúla sa chóras luathrabhaidh agus gníomhaíochta, sin agus i gcomhthéacs ginearálta na measúnuithe comhshaoil agus sláinte.

4.10. Maidir le tuairimí eolaíocha éagsúla a thabhairt chun réitigh, ba cheart a thabhairt faoi deara nach féidir le Rialachán (CE) uimh. 1272/2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán aghaidh a thabhairt, mar is gá, ar éifeachtaí díobhálacha íogaire áirithe, cuir i gcás an tocsaineacht imdhíonachta ([9]). Dá bhrí sin, i gcás nach mbeidh na gníomhaireachtaí éagsúla ar aon tuairim le chéile faoi shaincheisteanna eolaíochta, ba cheart feidhm a bheith ag prionsabal an réamhchúraim d'fhonn a áirithiú go mbeidh cosaint ar fáil do shaoránaigh an Aontais, ina measc do na grúpaí leochaileacha agus do na glúnta nár tháinig ar an saol go fóill.

An Bhruiséil, 20 Márta 2024.

*An tUachtarán*
*Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
Oliver RÖPKE

([9]) Rialachán (CE) uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, p. 1).